

## Polasaí i Leith Tréadchúraim

### Coláiste na bPiarsach, Ros Muc

#### *Ráiteas Misean*

'Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal. Tá sé mar chuspóir againn ár dteanga, ár noidhreacht agus ár ndúchas a spreagadh agus a chaomhnú ar chuile bhealach agus mórtas cine a chothú.

**Baineann an Polasaí seo** le scoláirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann teagaisc agus Bainistíocht na scoile chomh maith Bord Oideachais & Oiliúna Gaillimhe agus Ros Comáin.

### **Réamhrá:**

Is cuid lárnach d'obair na scoile an tréad-chúram. Tá an Córas Tréad-Chúraim ann chun freastal ar fhorbairt chuile ball de phobal na scoile, foghlaim dhearfach a chur chun cinn agus gaol dearfach a chothú i measc pobal na scoile.

### **Aidhmeanna:**

- Forbairt chuimsitheach ar chumas iomlán na scoláirí a chur chun cinn mar atá: cumas fisiciúil, acadúil, mothúchánach agus spioradálta,
- Atmaisféar sláintiúil, cairdiúil a chothú sa scoil,
- Gaol dearfach a chothú i measc pobal na scoile,
- Foghlaim dhearfach a chur chun cinn.
- Cinntiú nach ndéantar bulaíocht ar aon scoláire.
- Fóram chun iniúchadh a dhéanamh ar fhadhbanna.
- Cluas thuisceanach le h-éisteacht a thabhairt do gach scoláire.
- Go mbeadh meas ag scoláirí ar dhaoine eile.
- Go mbeadh scoláirí sásta comhoibriú le daoine eile.

### **Ábhar:**

- Atmaisféar dearfach a chothú.
- Féin-mhuinín agus féin smacht a fhorbairt.
- Córas luacha a fhorbairt i gcomhpháirt le clann an scoláire.
- Bealaí le déileáil le bás nó athraithe i saol nó cúinsí an scoláire.
- Treoir a thabhairt maidir leis an gcaoi a gcaitheann scoláirí lena chéile, le daoine eile, an sochaí agus an timpeallacht
- Sláinte agus glaineacht phearsanta den scoth a spreagadh
- Scileanna staidéir a mhúineadh.
- Scoláire a ullmhú chun déileáil le díomá sa saol.

### **Cleachtas Tréad-Chúraim:**

- Tá páirt ag gach ball den fhoireann i gcleachtas tréad-chúraim na scoile.
- Tá ról lárnach ag na daoine seo: an Príomhoide, an Leas Príomhoide, an Múinteoir Acmhainne, an Gairmtreoraí agus an múinteoir teagmhaláí baile.
- Tá dualgais ainmnithe ag dul le ról an mhúinteoir bliana chomh maith.
- Toisc go bhfuil sé fíor-thábhachtach go mbeadh cumarsáid idir na daoine sin ar fad agus idir iad agus foireann iomlán na scoile, eagrófar cruinnithe rialta.

- Is cuid dhílis den chóras seo an curaclam O.S.P.S. atá leagtha síos ag An Roinn Oideachais agus Scileanna agus a múintear sna ranganna sóisearacha.
- Múinfear an curaclam O.S.P.S. mar atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, rang amháin sa tseachtain sna ranganna sóisearacha.
- Beidh an teagmháil idir an scoil agus teaghlaigh agus idir an scoil agus scoileanna eile bunaithe ar mheas ar fhoighne agus ar chomh-oibriú.
- Coimeádfar eolas i dtaobh scoláirí fé rún in áit shábháilte agus roinnfear go discréideach é mar is cuí.
- Beidh fóram ag scoláirí tuairimí a chur in iúl trí Comhairle na Mac Léinn.

### **Ról an Múinteoir bliana:**

- Tá páirt lárnach ag an múinteoir bliana i ngach gné de shaol scoile na scoláirí faoina cúram.
- Baineann dualgais na múinteoirí bliana le tréad-chúram, le smacht agus le dul chun cinn na scoláirí.
- Bíonn sé/sí ar fáil chun treoir a thabhairt do scoláirí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí, agus chun comhairle a chur orthu.
- Téann sé/sí i gcomhairle leis an bPríomhoide, an Leas Príomhoide, na múinteoirí, na thuismitheoirí agus an Ghairmthreoraí.
- Déanfaidh sé/sí cruinnithe a reáchtáil leis an bhliain-ghrúpa ag tús na scoilbhliana agus go rialta i rith na scoilbhliana.
- Déanfar plé ag na cruinnithe seo i dtaobh rialacha agus Cód Iompar na scoile i measc níthe eile a rachas chun leasa an scoláire.

### **Ról an Ghairmthreoraí:**

- Nascadh leis na bunscoileanna i gcomhphairtíocht leis an bpríomhoide óna dtagann scoláirí na céadbliana chun eolas atá riachtanach a bhailiú i dtaobh cumais, iompair, sláinte agus teaghlaigh na scoláirí, an t-eolas sin a roinnt le múinteoirí más cuí, agus cúram a dhéanamh de rúndacht,
- Tástáil a dhéanamh ar scoláirí, a gcumas a mheas agus curaclaim a eagrú dá réir i gcomhphairtíocht leis an bpríomhoide agus an múinteoir achmainne más cuí.
- Bualadh le gach scoláire sa chéad bhliain chun aithne a chur orthu, agus chun a fháil amach an bhfuil siad ag socrú síos sa scoil, agus ins na ranganna,
- Roghnú ábhar a phlé go pearsanta le gach scoláire sa 3ú bliain,
- Roghnú ghairme a phlé go pearsanta le gach scoláire sa 4ú agus sa 5ú bliain,
- Tuairiscí rúnda ar scoláirí a choimeád go slán sábháilte,
- Nascadh le comhoibriú an bPríomhoide le heagrais, inmheánach agus seachtrach, ar nós: NEPS, NEWB, HSE chun dea-bhail ár scoláirí a chinntiú.

## **Ról an Múinteoir teagmhalaí baile**

Seo leanas cuid de réimsí oibre an chomhordaitheora:

- *Cuairteanna Baile:* Tugann an comhordaitheoir cuairt ar theaghlaigh imeallacha an cheantair agus orthu siúd a dteastaíonn tacaíocht uathu ina ról mar thuismitheoir.
- *Cruinnithe:* Bíonn cruinnithe rialta leis an bPríomhoide, an múinteoir gairmthreorach/comhairleach, an múinteoir tacaíocht foghlama, an múinteoir achmhainne, múinteoirí bliana/ranga chun aon eolas cuí a roinnt lena chéile.(faoi rún agus le cead an tuismitheora
- *Cúrsaí do thuismitheoirí:* Eagraítear cúrsaí éagsúla do thuismitheoirí idir chúrsaí acadúla, cúrsaí siamsaíochta agus ceardlanna a bhfuil suim ag tuismitheoirí iontu.
- *Clár Críochniú Scoile:* Coinníonn an comhordaitheoir súil ar dhul chun cinn scoláirí an spriocghrúpa ach go háirithe chun a chinntiú chomh fada agus is féidir go bhfuil freastal á dhéanamh orthu sa chóras.

## **Coiste Tréadchuram**

Buaileann an Coiste Tréadchuram le chéile nuair is gá chun riachtanais tréadchuram na scoláirí a phlé. Beidh an Príomhoide/LeasPríomhoide, an Gairmtreoraí, an múinteoir bliana, an múinteoir achmainne agus an múinteoir teagmhalaí baile ag feidhmíu ar an gCoiste seo.

Nóta: Ní gá go mbeadh gach ball thuas i láthair ag gach cruinniú den choiste.

Déanaimid chuile iarracht i gColáiste na bPiarsach an t-ethos cúraim sin a chothú i ngach gné dár gcaidreamh le scoláirí, foireann na scoile agus tuismitheoirí, ionas go gcothófar muinín, meas agus comhthuisicint i measc phobail uile na scoile.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús an scoilbhliain 2018/19 nó níos tuisce más gá.

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste na bPiarsach, Rosmuc ar an .....

Siníthe.....

Cathaoirleach